Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

13948/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0264 (NLE)**

SOC 578
GENDER 168
EMPL 395

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán |

**MOLADH (AE) 2022/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (k), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireann cúram fadtéarmach inrochtana inacmhainne ar ardchaighdeán ar a gcumas do dhaoine a bhfuil gá acu le cúram a bheith neamhspleách a fhad agus is féidir agus saol faoi dhínit a bheith acu. Cuidíonn sé le cearta an duine a chosaint, an dul chun cinn sóisialta agus an dlúthpháirtíocht idir glúine a chur chun cinn, an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus d'fhéadfadh sé cuidiú le poist a chruthú.

(2) I mí na Samhna 2017, d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[1], lena leagtar amach 20 prionsabal chun tacú le margaí saothair agus córais leasa chóra dhea-fheidhmiúla. Le Prionsabal 2, cuirtear comhionannas inscne chun cinn trí chóir chomhionann agus deiseanna comhionanna a chothú idir mná agus fir i ngach réimse. Le Prionsabal 9, cuirtear chun cinn an ceart chun cothromaíocht oibre is saoil atá ag daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu. Le Prionsabal 10, cuirtear i dtábhacht cearta oibrithe maidir le hardleibhéal cosanta dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair. Le Prionsabal 17, sainaithnítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas ar chuimsiú, go háirithe ar sheirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. Le prionsabal 18 maidir le cúram fadtéarmach, luaitear go bhfuil an ceart ag cách ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh inacmhainne ar ardchaighdeán, go háirithe an cúram baile agus seirbhísí pobalbhunaithe.

[1] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).

(3) Maidir le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a eagraíonn údaráis phoiblí, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, meastar gur seirbhísí sóisialta leasa ghinearálta iad go príomha mar go bhfuil feidhm shoiléir shóisialta leo. Éascaíonn siad cuimsiú sóisialta agus cosnaíonn siad cearta bunúsacha gach duine a bhfuil cúram de dhíth orthu, lena n-áirítear daoine scothaosta.

(4) Is mná iad formhór na gcúramóirí de réir "Tuarascáil 2021 ar Chúram Fadtéarmach: treochtaí, dúshláin agus deiseanna i sochaí atá ag dul in aois" ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCoiste um Chosaint Sóisialta[1] ("Tuarascáil 2021 ar Chúram Fadtéarmach"). Tá an bhearna inscnebhunaithe i ndáileadh na hoibre cúraim ar cheann de na nithe is mó a spreagann neamhionannas inscne i margadh an tsaothair. Tá ioncam níos ísle ag na mná ar an meán, lena n-áirítear pinsin, agus d'fhéadfadh sé nach mbeidís chomh hábalta céanna íoc as an gcúram, agus an tráth céanna maireann siad níos faide ná na fir agus dá bhrí sin, bíonn gá níos mó acu leis an gcúram fadtéarmach agus bíonn baol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ann dóibh ar feadh a saoil. Seirbhísí foirmiúla leormhaithe inacmhainne cúraim fhadtéarmaigh mar aon le beartais chun dálaí oibre a fheabhsú san earnáil agus réiteach a fháil idir an fhostaíocht íoctha agus freagrachtaí cúraim, d'fhéadfadh na nithe sin dul chun tairbhe don chomhionannas inscne.

1 An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, *Tuarascáil ar chúram fadtéarmach: treochtaí, dúshláin agus deiseanna i sochaí atá ag dul in aois*, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

(5) Leis an Moladh seo, cuirtear chun cinn cur i bhfeidhm Airteagail 21, 23, 24, 25, 26, 31, 33 agus 34 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[1], lena gcumhdaítear an neamh-idirdhealú, an comhionannas idir mná agus fir, cearta an linbh, cearta daoine scothaosta, cuimsiú daoine faoi mhíchumas, dálaí oibre cothroma agus córa, agus na cearta ar shaol teaghlaigh agus ar shaol gairmiúil agus slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta.

(6) Leis an Moladh seo, urramaítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, coinbhinsiún lena n-aithnítear an ceart comhionann atá ag gach duine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách sa phobal, agus roghanna atá comhionann le roghanna daoine eile a bheith acu.

(7) Le plean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a ghlac an Coimisiún an 4 Márta 2021, fógraítear tionscnamh maidir leis an gcúram fadtéarmach agus é mar aidhm leis creat a leagan síos le haghaidh athchóirithe beartais a bheidh ina threoir chun cúram fadtéarmach inbhuanaithe a fhorbairt lena n-áirithítear rochtain níos fearr ar sheirbhísí ar ardcháilíocht dóibh siúd a bhfuil gá acu leo agus spreagadh na Ballstáit chun infheistíocht a dhéanamh sa lucht saothair i réimse na sláinte agus an chúraim agus chun feabhas a chur ar na dálaí oibre agus ar an rochtain ar an oiliúint sna réimsí sin.

---

1 IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

(8) I dTuarascáil 2021 ar Chúram Fadtéarmach, cuirtear i dtábhacht go bhfuil an t-éileamh ar chúram fadtéarmach ar ardcháilíocht le méadú agus go bhféadfaidh méadú ar an soláthar cúraim fhadtéarmaigh rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne agus leis an cothroime shóisialta. Leis an tuarascáil sin, sainaithnítear gur príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcúram fadtéarmach iad an rochtain, an inacmhainneacht agus an cháilíocht, sainaithnítear go bhfuil lucht saothair iomchuí ríthábhachtach chun freastal ar an éileamh atá ag dul i méid ar sheirbhísí ar ardcháilíocht agus cuireadh i dtábhacht go mbíonn costais a ndéantar faillí iontu ag baint leis an gcúram neamhfhoirmiúil go minic.

(9) Agus an daonra ag dul in aois, meastar go méadófar an t-éileamh ar chúram fadtéarmach toisc go mbaineann laghdú ar an gcumas feidhmiúil agus gá le cúram fadtéarmach le haoiseanna móra. De réir Thuarascáil 2021 ar chúram fadtéarmach, meastar go méadóidh líon na ndaoine a bhfuil aois 65 bliana nó níos mó acu faoi 41% sa 30 bliain atá amach romhainn, ó 92,1 milliún in 2020 go 130,2 milliún in 2050, agus meastar go méadóidh líon na ndaoine a bhfuil aois 80 bliain nó níos mó acu faoi 88%, ó 26,6 milliún in 2020 go 49,9 milliún in 2050.

(10) Bhí tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar chórais cúraim fhadtéarmaigh agus chuaigh laigí struchtúracha a bhí ann cheana féin in olcas mar gheall uirthi, go háirithe an easpa seirbhísí ar ardcháilíocht agus ganntanais oibrithe, agus cuireadh i dtábhacht léi an géarghá atá le hathléimneacht na gcóras cúraim fhadtéarmaigh a neartú agus dlús a chur le hiarrachtaí chun an neamhspleáchas pearsanta a fheabhsú agus an mhaireachtáil neamhspleách a éascú.

(11) De réir *' Thuarascáil 2021 ar Aosú – Réamh-mheastacháin Eacnamaíocha agus Bhuiséadacha le haghaidh Bhallstáit an Aontais (2019-2070)*' ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCoiste um Beartas Eacmanaíoch, tá éagsúlachtaí móra ann ar fud na mBallstát i dtéarmaí an leibhéil cistithe phoiblí le haghaidh an chúraim fhadtéarmaigh, agus tíortha áirithe ag infheistiú níos lú ná 1% de OTI agus tíortha eile ag caitheamh níos mó ná 3% de OTI. Is é a bhí sa chaiteachas poiblí ar an gcúram fadtéarmach in 2019 1,7% de OTI an Aontais de réir na tuarascála sin, méid is lú ná luach measta na n-uaireanta cúraim fhadtéarmaigh a sholáthraíonn cúramóirí neamhfhoirmiúla, luach a mheastar a bheith ag 2,5% de OTI an Aontais[1]. I mBallstáit ina bhfuil an caiteachas poiblí ar an gcúram fadtéarmach íseal, baintear úsáid níos teoranta as seirbhísí foirmiúla cúraim fhadtéarmaigh. Leis an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar chúram fadtéarmach, méadaítear an brú atá ar an gcaiteachas poiblí, agus éilítear freisin feabhas a chur ar chostéifeachtúlacht an tsoláthair cúraim fhadtéarmaigh, mar shampla, trí bheartais chun an tsláinte a chur chun cinn agus trí bheartais choisctheacha, seirbhísí a chomhtháthú agus a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, sonraí agus fianaise a bhailiú agus teicneolaíochtaí nua agus digiteacha a úsáid. Tá beartais atá fabhrach do mhaoiniú inbhuanaithe an chúraim fhadtéarmaigh tábhachtach le haghaidh inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, go háirithe i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois agus lucht saothair an Aontais atá ag dul i laghad.

(12) Ní bheidh sé inbhuanaithe a bheith ag brath go mór ar an gcúram neamhfhoirmiúil agus meastar go méadóidh riachtanais cúraim fhoirmiúil agus an brú ar bhuiséid phoiblí.

---

[1] Van der Ende, M. et al., 2021*, Study on exploring the incidence and costs of informal long-term care in the EU* [Staidéar maidir le minicíocht agus costais an chúraim fhadtéarmaigh neamhfhoirmiúil san Aontas a fhiosrú].

(13) Tá an cumhdach cosanta sóisialta don chúram fadtéarmach teoranta agus is minic a bhíonn costais ina mbacainn thromchúiseach ar an rochtain ar an gcúram fadtéarmach. I gcás roinnt teaghlach, is é an t-airgeadas an chúis is mó nach mbaintear úsáid as, nó nach mbaintear úsáid níos mó as, seirbhísí gairmiúla cúraim sa bhaile. Gan cosaint leormhaith shóisialta, is minic a bhíonn costais mheasta iomlána an chúraim fhadtéarmaigh níos mó ná ioncam an duine. Cé go bhfuil socruithe éagsúla cosanta sóisialta ann ar fud na mBallstát, níl an tacaíocht phoiblí ar fáil ach do sciar beag daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach. Fiú nuair atá tacaíocht ar fáil, is minic a bhíonn an chosaint shóisialta neamhleor, óir fiú tar éis tacaíocht a fháil, meastar ar an meán, go bhfuil beagnach leath na ndaoine scothaosta a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach faoi bhun thairseach na bochtaineachta tar éis costais an chúraim baile a sheasamh astu féin.

(14) Ní féidir le roinnt daoine rochtain a fháil ar an gcúram fadtéarmach a bhfuil gá acu leis mar gheall ar thairiscint íseal fhoriomlán seirbhísí agus mar gheall ar an raon teoranta roghanna cúraim fhadtéarmaigh agus bearnaí críochacha, i measc cúiseanna eile. I gcás roinnt Ballstát, tá an rogha cúraim fhadtéarmaigh teoranta. I gcás ina bhfuil rogha ann, rogha idir an cúram neamhfhoirmiúil, a dhéanann na mná den chuid is mó, agus an cúram cónaithe a bhíonn i gceist de ghnáth. Tá an soláthar cúraim sa bhaile agus an soláthar cúraim phobalbhunaithe fós íseal. Thairis sin, fágann an neamhionannas críochach sa soláthar cúraim fhadtéarmaigh go mbíonn deacracht ag baint leis an rochtain chomhionann ar an gcúram fadtéarmach, go háirithe i gceantair thuaithe agus bhánaithe. Bíonn an rogha níos teoranta fós i gcás daoine faoi mhíchumas mar gheall ar an inrochtaineacht mhíchothrom ar sheirbhísí cúraim. Cé go n-aithnítear éagsúlacht na socruithe cúraim fhadtéarmaigh ar fud na mBallstát, is féidir le líonraí poiblí láidre soláthraithe seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais acu, rannchuidiú le feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh.

(15) Maidir leis an gcúram fadtéarmach, braitheann an cháilíocht ar shásra éifeachtach um dhearbhú cáilíochta, rud atá in easnamh nó nach soláthraítear go leor acmhainní ina leith i roinnt mhaith Ballstát. Is minic nach leor an dearbhú cáilíochta a dhéantar ar an gcúram sa bhaile nó ar an gcúram pobalbhunaithe. Cé go bhfuil cáilíocht an chúraim chónaithe níos rialaithe, is minic a dhírítear ar thorthaí cliniciúla le caighdeáin cháilíochta agus nach dtugtar aghaidh leormhaith ar cháilíocht saoil na ndaoine a fhaigheann an cúram ná ar a gcumas maireachtáil go neamhspleách. Fiú i gcás ina bhfuil caighdeáin cháilíochta i bhfeidhm, ní dhéantar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcónaí, mar gheall ar shocrú neamhleor riaracháin nó easpa acmhainní go minic. I gcás nach gcuirtear caighdeáin ardcháilíochta i bhfeidhm maidir le soláthraithe poiblí agus soláthraithe príobháideacha cúraim, d’fhéadfadh cásanna ina ndéantar faillí i bhfaighteoirí cúraim nó ina dtugtar drochíde dóibh a bheith mar thoradh air sin mar aon le drochdhálaí oibre do chúramóirí. Is féidir le creat cáilíochta náisiúnta don chúram fadtéarmach, atá curtha in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta agus do shocruithe oibríochtúla, cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Is féidir creat den sórt sin a léiriú i gcreataí sonracha cáilíochta le haghaidh leibhéil éagsúla soláthair agus riaracháin i suíomhanna cúraim fhadtéarmaigh nó i suíomhanna éagsúla cúraim.

(16) Tá luach tábhachtach sóisialta ag baint leis an gcúram fadtéarmach agus d'fhéadfadh sé go leor post a chruthú, ach bíonn na Ballstáit ag streachailt chun oibrithe cúraim a mhealladh agus a choinneáil mar gheall ar, *inter alia*, scileanna neamhleora, dálaí deacra oibre agus pá íseal. Tá deiseanna ann nár baineadh leas astu chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair san earnáil. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin, de réir riachtanais agus imthosca náisiúnta, díriú ar oibrithe páirtaimseartha ar mian leo a n-uaireanta oibre a mhéadú, iar-chúramóirí dífhostaithe agus neamhghníomhacha, oibrithe cúraim fhadtéarmaigh fhoirmiúil ar mian leo moill a chur ar a scor agus mic léinn. Gan dochar d'inniúlacht na mBallstát ligean isteach a rialáil, lena n-áirítear líon na náisiúnach tríú tír a ligfear isteach chun críche oibre, d'fhéadfadh fiosrú conairí imirce dlíthiúla agus eiticiúla d'oibrithe cúraim fhadtéarmaigh rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair.

(17) Tá na scileanna a mbíonn gá leo san earnáil cúraim ag éirí níos casta. Meascán d'eolas, de chumas agus de mheon is ea scileanna a chuireann ar chumas duine tasc nó gníomhaíocht a dhéanamh go rathúil i gcomhthéacs áirithe. Mar aon le scileanna agus le hinniúlachtaí traidisiúnta, is minic is gá saineolas teicneolaíoch a bhaineann le teicneolaíochtaí nua, scileanna digiteacha agus scileanna cumarsáide a bheith ag cúramóirí agus iad ag feidhmiú i dteanga iasachta agus is minic is gá scileanna a bheith acu chun déileáil le riachtanais chasta agus is gá dóibh oibriú i bhfoirne ildisciplíneacha. Gan na beartais iomchuí oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint ar an láthair oibre, d'fhéadfadh sé go mbeadh na riachtanais scileanna ina mbacainn ar go leor daoine dul isteach san earnáil nó dul chun cinn a dhéanamh san earnáil.

(18) Is minic a bhíonn mar thaithí ag cúramóirí gairmiúla easpa oiliúna ar shláinte agus sábháilteacht ceirde, socruithe oibre neamhchaighdeánacha, uaireanta oibre neamhrialta, sealobair, bearnaí i gcosaint shóisialta, strus fisiciúil nó meabhrach agus pá íseal. Is féidir an cumhdach íseal oibrithe cúraim fhadtéarmaigh le comhaontaithe comhchoiteanna agus an caiteachas poiblí teoranta ar an gcúram fadtéarmach rannchuidiú leis an bpá íseal san earnáil.

(19) I gcás grúpaí áirithe oibrithe, lena n-áirítear oibrithe cúraim cónaitheacha nó oibrithe tí a sholáthraíonn cúram fadtéarmach, bíonn dálaí oibre thar a bheith deacair acu, lena n-áirítear pá íseal, socruithe neamhfhabhracha maidir le ham oibre, obair neamhdhearbhaithe, cosaint shóisialta neamhleordhóthanach agus neamhchomhlíonadh le rialacha bunriachtanacha maidir le cosaint saothair agus foirmeacha neamhrialta fostaíochta. Le Coinbinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hOibrithe Tí 2011 (Uimh. 189), leagtar síos na cearta agus na prionsabail bhunúsacha, agus ceanglaítear ar údaráis inniúla náisiúnta sraith beart a dhéanamh d’fhonn coinníollacha cuibhiúla oibre a áirithiú le haghaidh oibrithe tí.

(20) Is cuid fhíor-riachtanach den soláthar cúraim fhadtéarmaigh é an cúram neamhfhoirmiúil, toisc go ndéanann cúramóirí neamhfhoirmiúla, ar mná iad den chuid is mó, formhór an chúraim de ghnáth, mar gheall go minic ar easpa cúram fadtéarmach inrochtana inacmhainne a bheith ann. Ar an láimh eile, is é an rogha is fearr le go leor daoine cúram neamhfhoirmiúil a sholáthar nó a fháil. Mar sin féin, féadfaidh an cúram neamhfhoirmiúil tionchar diúltach a bheith aige ar shláinte fhisiceach agus ar shláinte mheabhrach cúramóirí agus is bacainn mhór ar an bhfostaíocht é, go háirithe i gcás na mban. Bíonn tionchar díreach aige sin ar an ioncam atá acu faoi láthair agus ar an ioncam seanaoise a bheidh acu mar gheall ar fhabhrú laghdaithe ceart pinsin, fadhb a bhíonn níos mó fós i gcás cúramóirí a bhfuil freagrachtaí breise cúraim leanaí orthu. Dá bhrí sin, tá cothromaíocht mhaith oibre is saoil agus comhréiteach níos fearr ar dhualgais oibre agus cúraim riachtanach do gach cúramóir neamhfhoirmiúil, idir fhir agus mhná. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, níl rochtain ag cúramóirí neamhfhoirmiúla ar chosaint shóisialta leordhóthanach agus ní fhaigheann siad tacaíocht dhíreach agus/nó indíreach leordhóthanach dá ngníomhaíochtaí cúraim, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais. Is féidir le bearta a thacaíonn le bailíochtú a gcuid scileanna cabhrú leo siúd ar spéis leo aistriú chuig gníomhaíochtaí cúraim foirmiúla. Bíonn níos mó fadhbanna meabhairshláinte agus torthaí níos neamhfhabhraí ag leanaí agus ag daoine óga ag a bhfuil ball teaghlach a bhfuil galar ainsealach air agus tionchair fhadtéarmacha aige sin ar a n-ioncam agus ar a gcuimsiú sa tsochaí.

(21) Tá eagrú an chúraim fhadtéarmaigh éagsúil ar fud an Aontais. Eagraítear an cúram fadtéarmach go minic i gcóras casta seirbhísí ar fud an chúraim sláinte agus an chúraim shóisialta agus uaireanta cineálacha eile tacaíochta, amhail an tithíocht agus gníomhaíochtaí áitiúla. Tá difríochtaí ann freisin maidir le stádas fostaíochta na gcúramóirí gairmiúla, agus maidir leis na róil atá ag na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla riaracháin agus ag na hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus comhoibritheacha. Úsáidtear táscairí difriúla chun faireachán a dhéanamh ar an gcúram fadtéarmach agus is minic nach mbíonn sonraí riaracháin ar fáil nó inchomparáide ar leibhéal an Aontais.

(22) Áirítear sna páirtithe leasmhara i réimse an chúraim fhadtéarmaigh iad siúd a bhfuil gá acu leis an gcúram fadtéarmach, a mbaill teaghlaigh agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht dóibh, údaráis ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta agus as an lánpháirtiú sóisialta a chur chun cinn agus as cearta bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear comhlachtaí náisiúnta comhionannais. Comhlachtaí an gheilleagair shóisialta, lena n-áirítear comharchumainn, cumainn, comhlachais agus fondúireachtaí comhshochair, is comhpháirtithe tábhachtacha iad le húdaráis poiblí maidir leis an gcúram fadtéarmach a sholáthar.

(23) Le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh, a dtacaíonn an scórchlár sóisialta leis, cuireadh i dtábhacht na dúshláin a bhaineann leis an gcúram fadtéarmach, agus mar gheall air sin, fuair roinnt Ballstát moltaí tírshonracha maidir leis an réimse sin. Leis na treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát arna nglacadh le Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle[1], cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé infhaighteacht cúraim fhadtéarmaigh atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán a áirithiú. Is é is aidhm don Mhodh Oscailte Comhordúcháin maidir le Cosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta an cúram fadtéarmach inrochtana inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacaíonn sé leis an gcuspóir sin trí bhíthin an fhaireacháin, obair théamach agus na foghlama frithpháirtí agus trí fhaireachas iltaobhach a dhéanamh ar athchóirithe. D'fhorbair an Coiste um Chosaint Shóisialta creat Eorpach cáilíochta le haghaidh seirbhísí sóisialta[2], lena n-áirítear an cúram fadtéarmach. Ní ann do chreat cuimsitheach de chuid an Aontais fós áfach chun athchóirithe náisiúnta ar an gcúram fadtéarmach a threorú.

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle an 21 Samhain 2022 maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (IO L 304, 24.11.2022, p. 67).

[2] Creat deonach Eorpach cáilíochta le haghaidh seirbhísí sóisialta, SPC/2010/10/8 final.

(24) Soláthraíonn an tAontas roinnt deiseanna cistiúcháin le haghaidh an chúraim fhadtéarmaigh, lena ndírítear ar thosaíochtaí éagsúla infheistíochta i gcomhréir le rialacháin shonracha na gclár éagsúil cistiúcháin, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (agus béim thosaíochta ar sheirbhísí neamhchónaithe teaghlaigh agus pobalbhunaithe), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an snáithe Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta, an Ciste um Aistriú Cóir, Fís Eorpach, Clár EU4Health, an Clár don Eoraip Dhigiteach, tacaíocht theicniúil chun cumas na n-údarás inniúil athchóirithe a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí incháilithe i gcomhthéacs an téarnaimh ó phaindéim COVID-19.

(25) Leis an Moladh seo, cuirtear le dlí an Aontais maidir le dálaí oibre trédhearcacha intuartha, amhail Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], maidir le cothromaíocht oibre is saoil, amhail Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, amhail Treoir 89/391/CEE ón gComhairle[5], Treoir 89/656/CEE ón gComhairle[6], Treoir 90/269/CEE ón gComhairle[7], Treoir 98/24/CE ón gComhairle[8],

---

1 Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

2 Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105)

3 Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch 33)

4 Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79)

5 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar sláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch.1).

6 Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta d'úsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe ar an láthair oibre (an tríú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18).

7 Treoir 90/269/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir le híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta chun ualaí a láimhseáil de láimh má tá riosca ann go háirithe de ghortú droma d'oibrithe(an ceathrú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (OJ L 156 21.6.1990, lch. 9).

8 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (OJ L 131, 5.5.1998, lch. 11);

Treoir 2000/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Treoir 2004/37/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Treoir 2013/35/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], dálaí is infheidhme agus is ábhartha i gcás an chúraim fhadtéarmaigh.

(26) Agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus éagsúlacht agus socruithe eagraíochtúla difriúla na gcóras cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear córais dhíláraithe, á gcur san áireamh, tá an Moladh seo gan dochar do chumhachtaí na mBallstát a gcórais cosanta sóisialta a eagrú agus ní chuirtear cosc orthu forálacha maidir le cosaint shóisialta a théann thar na cinn a mholtar a choinneáil ar bun nó a leagan síos,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

---

1 Treoir 2000/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé oibreán bitheolaíoch ar an láthair oibre (an seachtú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 262, 17.10.2000, lch. 21).

2 Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9

3 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

4 Treoir 2013/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (réimsí leictreamaighnéadacha) (an 20ú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/40/CE (IO L 179, 29.6.2013, lch. 1).

CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

1. Is é is aidhm don Mholadh seo feabhas a chur ar an rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardcháilíocht le haghaidh na ndaoine ar fad a bhfuil gá acu leis.

2. Baineann an Moladh seo le gach duine a bhfuil gá aige le cúram fadtéarmach agus le cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla uile. Tá feidhm aige maidir leis an gcúram fadtéarmach a sholáthraítear ar fud na suíomhanna cúraim uile.

SAINMHÍNITHE

3. Chun críoch an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘cúram fadtéarmach’ réimse seirbhísí agus cuidiú le haghaidh daoine a bhíonn ag brath, mar thoradh ar leochaileacht mheabhrach agus/nó fisiceach, galar agus/nó míchumas a bhíonn orthu ar feadh tréimhse leanúnach, ar thacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí maireachtála laethúla agus/nó a bhfuil gá acu le cúram buan altranais. D’fhéadfadh sé gur gníomhaíochtaí féinchúraim nach mór do dhuine a dhéanamh gach lá iad na gníomhaíochtaí maireachtála laethúla a bhfuil tacaíocht de dhíth ina leith, eadhon gníomhaíochtaí maireachtála laethúla amhail folcadh, gléasadh, ithe, ag dul a luí nó ag éirí, ag gluaiseacht timpeall, an leithreas a úsáid agus feidhmeanna lamhnáin agus inne a rialú nó d’fhéadfadh sé go mbainfidís leis an maireachtáil neamhspleách, eadhon gníomhaíochtaí feidhmiúla na maireachtála laethúla, amhail béilí a ullmhú, airgead a bhainistiú, siopadóireacht a dhéanamh le haghaidh earraí grósaeireachta nó pearsanta, obair éadrom nó trom tí a dhéanamh agus fón a úsáid;

(b) ciallaíonn 'cúram fadtéarmach foirmiúil' cúram fadtéarmach a sholáthraíonn oibrithe gairmiúla cúraim fhadtéarmaigh, d'fhéadfadh cúram baile, cúram pobalbhunaithe nó cúram cónaithe a bheith i gceist leis;

(c) ciallaíonn 'cúram baile' cúram fadtéarmach foirmiúil a sholáthraíonn oibrí gairmiúil cúraim fhadtéarmaigh amháin nó níos mó i mbaile príobháideach an fhaighteora;

(d) ciallaíonn 'cúram pobalbhunaithe' cúram fadtéarmach a sholáthraítear agus a eagraítear ar leibhéal an phobail, mar shampla, i bhfoirm seirbhísí lae aosaigh nó cúraim faoisimh;

(e) ciallaíonn 'cúram cónaithe' cúram fadtéarmach foirmiúil a sholáthraítear do dhaoine a chónaíonn i suíomh cónaithe cúraim fhadtéarmaigh;

(f) ciallaíonn 'cúram neamhfhoirmiúil' cúram fadtéarmach a sholáthraíonn cúramóir neamhfhoirmiúil, eadhon duine éigin i dtimpeallacht shóisialta an duine a bhfuil gá aige le cúram lena n-áirítear páirtí, leanbh, tuismitheoir nó duine eile, nach bhfostaítear mar oibrí ghairmiúil cúraim fhadtéarmaigh;

(g) ciallaíonn 'maireachtáil neamhspleách' gur féidir le gach duine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach maireachtáil sa phobal agus roghanna a bheith acu atá comhionann le daoine eile, go mbíonn an deis acu a n-áit chónaithe a roghnú agus a roghnú cá háit a gcónóidh siad agus cé leis a gcónóidh siad ar bhonn atá comhionann le daoine eile, agus nach gcuirtear d'oibleagáid orthu maireachtáil i socrú maireachtála ar leith;

(h) ciallaíonn 'oibrí cúraim fhadtéarmaigh tí' aon duine a bhíonn i mbun obair tí agus a sholáthraíonn cúram fadtéarmach laistigh de chaidreamh fostaíochta;

(i) ciallaíonn 'oibrí cúraim cónaitheach' oibrí cúraim fhadtéarmaigh tí a chónaíonn leis an bhfaighteoir cúraim agus a sholáthraíonn cúram fadtéarmach.

LEORDHÓTHANACHT, INFHAIGHTEACHT AGUS CÁILÍOCHT

4. Moltar do na Ballstáit leordhóthanacht na cosanta sóisialta don chúram fadtéarmach a áirithiú, go háirithe trína áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu ar chúram fadtéarmach, ar cúram é:

(a) atá tráthúil, agus a ligeann do na daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach an cúram a fháil a luaithe is gá agus chomh fada agus is gá;

(b) atá cuimsitheach, a chumhdaíonn gach riachtanas cúraim fhadtéarmaigh, a eascraíonn as meath meabhrach agus/nó fisiceach ar chumas feidhmiúil arna shainaithint trí mheasúnú atá bunaithe ar chritéir incháilitheachta atá soiléir agus oibiachtúil, agus i gcomhar le seirbhísí tacaíochta agus leasa eile;

(c) atá inacmhainne, a ligeann do dhaoine a bhfuil gá acu leis an gcúram fadtéarmach caighdeán sásúil maireachtála a choinneáil ar bun agus go gcosnaítear iad ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta mar gheall ar a riachtanais cúram fhadtéarmaigh, agus a ndínit a áirithiú.

5. Moltar do na Ballstáit an tairiscint seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a ailíniú go leanúnach le riachtanais cúraim fhadtéarmaigh, agus an tráth céanna meascán cothrom de roghanna cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar i ngach cineál suímh cúraim chun freastal ar na riachtanais éagsúla cúraim fhadtéarmaigh agus tacú le saoirse rogha, agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht, ag na daoine a bhfuil gá acu le cúram, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an cúram baile agus an cúram pobalbhunaithe a fhorbairt agus/nó a fheabhsú;

(b) bearnaí críochacha maidir le hinfhaighteacht cúraim fhadtéarmaigh agus rochtain ar an gcúram fadtéarmach a dhruidim, go háirithe i gceantair thuaithe agus bhánaithe;

(c) teicneolaíocht nuálach inrochtana agus réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach maidir le soláthar seirbhísí cúraim, lena n-áirítear chun tacú leis an neamhspleáchas agus leis an maireachtáil neamhspleách, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin fhéideartha a bhaineann leis an digitiú;

(d) a áirithiú go bhfuil seirbhísí agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh inrochtana do dhaoine a bhfuil riachtanais shonracha acu agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus urraim á tabhairt don cheart comhionann atá ag gach duine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách sa phobal, agus na roghanna céanna a bheith acu agus atá ag daoine eile.

(e) a áirithiú go bhfuil seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh dea-chomhordaithe le seirbhísí coisctheacha, seirbhísí maidir le haosú sláintiúil agus gníomhach agus seirbhísí sláinte agus tacaíonn siad le neamhspleáchas agus maireachtáil neamhspleách, lena n-athbhunaítear a mhéid is féidir, nó lena gcoisctear meathlú riochtaí fisiciúla nó meabhrach.

6. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go leagtar síos critéir agus caighdeáin atá ar ardcháilíocht le haghaidh gach suímh cúraim fhadtéarmaigh, critéir agus caighdeáin atá in oiriúint do shaintréithe na suíomhanna, agus iad a chur i bhfeidhm i leith na soláthraithe uile cúraim fhadtéarmaigh, gan beann ar a stádas dlíthiúil. Chuige sin, iarrtar ar na Ballstáit creat náisiúnta cáilíochta a áirithiú le haghaidh an chúraim fhadtéarmaigh, creat atá i gcomhréir leis na prionsabail cháilíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn agus sásra iomchuí um dhearbhú cáilíochta a chur leis lena ndéantar na nithe seo a leanas:

(a) áirithítear comhlíontacht le critéir cháilíochta agus caighdeáin ar fud na suíomhanna agus na soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh uile i gcomhar leis na soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh agus leis na daoine a fhaigheann cúram fadtéarmach;

(b) tugtar dreasachtaí do sholáthraithe cúraim fhadtéarmaigh chun dul thar na híoschaighdeáin cháilíochta agus an cáilíocht a fheabhsú go leanúnach agus feabhsaítear inniúlacht na soláthraithe chun sin a dhéanamh;

(c) leithdháiltear acmhainní leordhóthanacha le haghaidh an dearbhaithe cáilíochta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus spreagtar soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh chun acmhainní airgeadais a bheith acu le haghaidh na bainistíochta cáilíochta;

(d) áirithítear, i gcás inarb ábhartha, go gcomhtháthaítear ceanglais maidir le cáilíocht an chúraim fhadtéarmaigh sa soláthar poiblí;

(e) cuirtear an neamhspleáchas, an mhaireachtáil neamhspleách agus an cuimsiú sa phobal chun cinn sna suíomhanna cúraim fhadtéarmaigh uile;

(f) áirithítear cosaint ar an drochíde, ar an gciapadh, ar an bhfaillí agus ar gach cineál foréigin do gach duine a bhfuil cúram de dhíth orthu agus do gach cúramóir.

CÚRAMÓIRÍ

7. Moltar do na Ballstáit dálaí fostaíochta ardcháilíochta agus dálaí cothroma oibre a áirithiú i réimse an chúraim fhadtéarmaigh, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an t-idirphlé náisiúnta sóisialta agus an chómhargáil a chur chun cinn i réimse an chúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear tacú le pá tarraingteach, socruithe oibre leordhóthanacha agus neamh-idirdhealú a fhorbairt san earnáil, agus an tráth céanna urraim á tabhairt do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta;

(b) gan dochar do dhlí an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde agus a chur i bhfeidhm éifeachtach á áirithiú an tráth céanna, na caighdeáin is airde maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde, lena n-áirítear cosaint ar an drochíde, ar an gciapadh agus ar gach cineál foréigin, a chur chun cinn le haghaidh na n-oibrithe uile cúraim fhadtéarmaigh;

(c) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag grúpaí leochaileacha oibrithe, amhail oibrithe cúraim fhadtéarmaigh tí, oibrithe cúraim cónaitheacha agus oibrithe cúraim is imircigh, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir le rialáil agus gairmiúlú na hoibre cúraim sin.

8. Moltar do na Ballstáit, i gcomhar, i gcás inarb ábhartha, le comhpháirtithe sóisialta, le soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh agus le páirtithe leasmhara eile, feabhas a chur ar ghairmiúlú cúraim agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna agus ar na ganntanais oibrithe i réimse an chúraim fhadtéarmaigh trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an t-oideachas agus an oiliúint tosaigh agus leanúnach a dhearadh agus a fheabhsú chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá, lena n-áirítear scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, a thabhairt d'oibrithe cúraim fhadtéarmaigh atá ann faoi láthair agus oibrithe a bheidh ann amach anseo;

(b) conairí gairme a fhorbairt san earnáil cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear trí bhíthin an uas-scilithe, an athscilithe, an bhailíochtaithe scileanna agus seirbhísí faisnéise agus treorach;

(c) conairí chuig stádas rialta fostaíochta a leagan síos le haghaidh oibrithe neamhdhearbhaithe cúraim fhadtéarmaigh;

(d) conairí imirce dleathaí a fhiosrú le haghaidh oibrithe cúraim fhadtéarmaigh;

(e) caighdeáin ghairmiúla a neartú, stádas gairmiúil agus ionchais tharraingteacha ghairme agus cosaint shóisialta leordhóthanach a thairiscint d'oibrithe cúraim fadtéarmacha, lena n-áirítear dóibh siúd nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu nó atá gan cháilíocht;

(f) bearta a chur chun feidhme chun dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus leis an leithscaradh inscne agus chun gairm an chúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos tarraingtí d'fhir agus do mhná.

9. Moltar do na Ballstáit nósanna imeachta soiléire a leagan síos chun cúramóirí neamhfhoirmiúla a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina ngníomhaíochtaí cúraim trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a gcomhar le hoibrithe cúraim fhadtéarmaigh a éascú;

(b) tacú leo chun rochtain a fháil ar an oiliúint is gá, lena n-áirítear maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde, comhairleoireacht, cúram sláinte, tacaíocht shíceolaíoch agus cúram faoisimh, chomh maith le tacú leo cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí oibre agus cúraim;

(c) rochtain ar chosaint shóisialta agus/nó tacaíocht leordhóthanach airgeadais a thabhairt dóibh agus an tráth céanna a chinntiú nach gcuireann na bearta tacaíochta sin bac ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.

RIALACHAS, FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ

10. Moltar do na Ballstáit rialachas fónta beartais i réimse an chúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear sásra comhordúcháin éifeachtach chun gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí beartais sa réimse a dhearadh agus a chur ag obair agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhordaitheoir cúraim fhadtéarmaigh nó sásra comhordúcháin iomchuí eile a bheith i bhfeidhm, i gcomhréir le himthosca náisiúnta, ag tacú le cur chun feidhme an Mholta seo ar an leibhéal náisiúnta;

(b) ról a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha, mar shampla, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gníomhaithe an gheilleagair shóisialta, institiúidí oiliúna agus oideachais ghairmiúil, faighteoirí cúraim agus geallsealbhóirí eile, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le beartais cúraim fhadtéarmaigh a ullmhú, a chur chun feidhme agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht le beartais ábhartha eile, lena n-áirítear beartais i réimse an chúraim sláinte, na fostaíochta, an oideachais agus na hoiliúna, na cosanta sóisialta agus an chuimsithe sóisialta níos leithne, an chomhionannais inscne agus ceart daoine faoi mhíchumas agus ceart linbh;

(c) creat náisiúnta a áirithiú le haghaidh bailiú agus meastóireacht sonraí, a mbeidh táscairí ábhartha mar bhonn taca leis, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir, imdhealaithe de réir inscne agus aoise, agus le haghaidh bailiú fianaise, lena n-áirítear maidir le bearnaí i soláthar cúraim fhadtéarmaigh:

(d) ceachtanna a foghlaimíodh, cleachtais rathúla agus aiseolas a bhailiú maidir le beartais agus cleachtais cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear ó fhaighteoirí cúraim, ó chúramóirí agus ó gheallsealbhóirí eile chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais;

(e) sásra a fhorbairt chun riachtanais cúraim fhadtéarmaigh a thuar ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus an sásra sin a chomhtháthú i bpleanáil an tsoláthair cúraim fhadtéarmaigh;

(f) neartú a dhéanamh ar an bpleanáil teagmhais agus ar an inniúlacht chun leanúnachas sa soláthar cúraim fhadtéarmaigh a áirithiú nuair a thagann imthosca gan choinne nó éigeandálaí chun cinn;

(g) bearta a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt agus glacadh daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach agus glacadh a dteaghlach, oibrithe cúraim fhadtéarmaigh agus cúramóirí leis na seirbhísí agus leis an tacaíocht cúraim fhadtéarmaigh atá ar fáil a spreagadh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil;

(h) cistiú inbhuanaithe le haghaidh an chúraim fhadtéarmaigh a shlógadh agus a úsáid ar bhealach costéifeachtach, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cistí agus as ionstraimí de chuid an Aontais agus trí bheartais a shaothrú atá fabhrach do chistiú inbhuanaithe seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá comhleanúnach le hinbhuanaitheacht fhoriomlán an airgeadais phoiblí.

11. Moltar do na Ballstáit an tacar beart a rinneadh nó atá beartaithe chun an Moladh a chur chun feidhme a chur in iúl don Choimisiún, laistigh de 18 mí ó ghlacadh an Mholta seo, ag tógáil, i gcás inarb ábhartha, ar straitéisí nó pleananna náisiúnta atá ann cheana, agus imthosca náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh. I gcás inarb iomchuí, ba cheart tuarascálacha ar dhul chun cinn ina dhiaidh sin a bheith bunaithe ar shásraí agus fóraim ábhartha tuairiscithe, lena n-áirítear iad siúd faoi Mhodh Oscailte Sóisialta an Chomhordaithe, faoin Seimeastar Eorpach agus faoi shásraí clársceidealaithe agus tuairiscithe ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail na pleananna um théarnamh náisiúnta.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) cistiú agus tacaíocht theicniúil ón Aontais a shlógadh chun athchóirithe náisiúnta agus an nuálaíocht shóisialta i réimse an chúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn;

(b) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus Mhodh Oscailte Sóisialta an Chomhordaithe, agus súil siar a dhéanamh ar an dul chun cinn go tráthrialta leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus i gcás inarb ábhartha, leis an gCoiste Fostaíochta, bunaithe ar na bearta dá dtagraítear i bpointe 11 de na cláir náisiúnta athchóirithe nó doiciméid ábhartha eile, ar tuarascálacha ar dhul chun cinn ó na Ballstáit agus ar an gcreat táscairí dá dtagraítear i bpointe (e), agus tuairisciú don Chomhairle laistigh de 5 bliana ó dháta ghlactha an Mholta seo;

(c) oibriú i gcomhpháirt leis na Ballstáit, tríd an gCoiste um Chosaint Shóisialta, tríd an gCoiste Fostaíochta agus, de réir mar is ábhartha, le comhordaitheoirí cúraim fhadtéarmaigh nó le comhaltaí de na sásraí comhordaithe dá dtagraítear i bpointe 10(a) chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha chun foghlaim fhrithpháirteach a éascú, taithí a roinnt, agus obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéantar mar fhreagairt ar an Moladh seo mar a leagtar amach i bpointe 11 iad;

(d) comhoibriú leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar infhaighteacht, raon feidhme agus ábharthacht sonraí inchomparáide maidir leis an gcúram fadtéarmach ar leibhéal an Aontais, ag cur leis na torthaí atá le teacht ó thascfhórsa an Choimisiúin um staitisticí ar an gcúram fadtéarmach;

(e) comhoibriú leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta chun creat táscairí a leagan síos le haghaidh an fhaireacháin ar chur chun feidhme an Mholta, ag cur leis an obair chomhpháirteach a rinneadh ar tháscairí coiteanna maidir leis an gcúram fadtéarmach agus creataí eile faireacháin chun an dúbailt oibre a sheachaint agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú;

(f) tuarascálacha comhpháirteacha a tharraingt suas i gcomhar leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta ar an gcúram fadtéarmach ina ndéantar anailís ar na dúshláin choiteanna a bhaineann leis an gcúram fadtéarmach agus ar na bearta a rinne na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt orthu;

(g) an cothú feasachta agus iarrachtaí cumarsáide a neartú ar leibhéal an Aontais agus i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# **IARSCRÍBHINN**

## PRIONSABAIL CHÁILÍOCHTA MAIDIR LEIS AN gCÚRAM FADTÉARMACH

Iarrtar ar na Ballstáit creat náisiúnta cáilíochta don chúram fadtéarmach dá dtagraítear i bpointe 6 a áirithiú, i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas. Beidh feidhm ag na prionsabail sin maidir le gach soláthraí cúraim fhadtéarmaigh gan beann ar a stádas dlíthiúil agus i ngach suíomh cúraim. Cuirtear luachanna coiteanna agus comhthuiscint ar cháilíocht an chúraim fhadtéarmaigh in iúl leo.

Meas

Leis an gcúram fadtéarmach, léirítear meas ar dhínit agus ar chearta bunúsacha eile daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach agus léirítear meas ar dhínit agus ar chearta bunúsacha a dteaghlach agus a gcúramóirí. Áirítear leis sin an ceart comhionann atá ag gach duine, go háirithe daoine faoi mhíchumas, maireachtáil go neamhspleách sa phobal agus na roghanna céanna a bheith acu agus atá ag daoine eile. Soláthraítear an cúram fadtéarmach gan idirdhealú ar bhonn inscne, bunaidh chiníoch nó eitnigh, reiligiúin nó creidimh, aoise nó claonta gnéis. Cosnaítear daoine a fhaigheann cúram ar an drochíde, ar an gciapadh, ar an bhfaillí agus ar gach cineál foréigin.

Cosc

Is é is aidhm don chúram fadtéarmach sláinte fhisiceach agus/nó mheabhrach daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach a athbhunú a mhéid is féidir nó meath na sláinte a chosc agus a n-inniúlacht chun maireachtáil go neamhspleách a neartú, agus an t-uaigneas nó an t-imeallú sóisialta a mhaolú an tráth céanna.

Duinelárnachas

Soláthraítear seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh gan aon idirdhealú a dhéanamh agus tugtar aghaidh leo ar dhúshláin shonracha athraitheacha gach duine aonair a bhfuil gá aige le cúram fadtéarmach. Léirítear meas iomlán ar iomláine phearsanta na ndaoine a bhfuil gá acu le cúram, cuirtear inscne agus éagsúlacht fhisiceach, intleachtúil, chultúrtha, eitneach, réigiúnach, teanga agus shóisialta an duine san áireamh agus i gcás inarb iomchuí na gnéithe sin dá dteaghlach nó dá ngarchiorcal sóisialta. Tá an duine a bhfuil gá aige le cúram fadtéarmach i lár an aonaigh agus is air a bhunaítear an phleanáil seirbhíse, an bhainistíocht chúraim, an fhorbairt oibrithe agus an mhonatóireacht cháilíochta.

Cuimsitheacht agus leanúnachas

Déantar an cúram fadtéarmach a cheapadh agus a sholáthar ar bhealach comhtháite leis na seirbhís ábhartha eile uile, lena n-áirítear seirbhísí cúraim sláinte agus teileashláinte, agus déantar comhordú éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear trí ról a thabhairt do gheallsealbhóirí sa chomhphobal. Eagraítear an cúram fadtéarmach ionas gur féidir le daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach brath ar raon seirbhísí gan bhriseadh nuair is gá agus dá fhaide agus is gá, agus tacaíocht lena gcuimsiú sa tsochaí á tabhairt agus nasc le teaghlach agus cairde a á chaomhnú. Déantar aistriú réidh idir na seirbhísí éagsúla cúraim fhadtéarmaigh agus bítear ag iarraidh an cur isteach ar an tseirbhís nó aon drochthionchar ar an gcúram a fhaightear a sheachaint.

Béim ar thorthaí

Leis an gcúram fadtéarmach, dírítear go príomha ar shochair dóibh siúd a fhaigheann an cúram, i dtéarmaí a gcáilíochta saoil agus an chumais atá acu maireachtáil go neamhspleách, agus cuirtear san áireamh freisin, i gcás inarb iomchuí, na sochair atá ann dá dteaghlach, dá gcúramóirí neamhfhoirmiúla agus don phobal.

Trédhearcacht

Soláthraítear faisnéis iomlán agus comhairle faoi na roghanna cúraim fhadtéarmaigh atá ar fáil agus faoi na soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh, faoi na caighdeáin cháilíochta agus faoi shocruithe um dhearbhú cáilíochta ar bhealach atá inrochtana agus intuigthe, soláthraítear an fhaisnéis agus an chomhairle sin do na daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach, dá dteaghlach nó dá gcúramóirí agus dá bharr sin iad a chumasú chun an rogha chúraim is fóirsteanaí a roghnú.

Lucht saothair

Soláthraíonn oibrithe oilte inniúla ag a bhfuil pá cuibhiúil agus dálaí oibre cothroma an cúram fadtéarmach. Leagtar síos cóimheasa iomchuí oibrithe atá i gcomhréir leis an líon daoine atá ag fáil cúram fadtéarmach agus na riachtanais atá ag na daoine sin agus leis na suíomhanna éagsúla cúraim agus urramaítear na cóimheasa sin. Urramaítear cearta oibrithe, an rúndacht, eitic ghairmiúil agus an neamhspleáchas gairmiúil. Cosnaítear cúramóirí ar an drochíde, ar an gciapadh, agus ar gach cineál foréigin.

Tá an fhoghlaim leanúnach ar fáil do na hoibrithe cúraim uile.

Saoráidí

Tá an soláthar cúraim fhadtéarmaigh uile i gcomhréir leis na rialacha sláinte agus sábháilteachta agus le ceanglais inrochtaineachta, comhshaoil agus coigilte fuinnimh.